

1

An Crann ag Bun an Ghairdín

BHÍ Mam agus Daid ag troid arís. Ní troid i gceart a bhí ann, ach pusaíl. Ciúnas agus fuacht ar fud an tí. Iad ag dul thart ar a chéile gan tada a rá. Aghaidh fhada i gcúinne amháin agus béal balbh sa chúinne eile.

Ná bí buartha. Tá grá mór agam do Mham is do Dhaid. Níl ann ach go bhfuil siad chomh difriúil lena chéile le – ní mise a chum an ceann seo – cailc agus cáis. Dúirt an múinteoir linn nár cheart dúinn sean-nathanna a úsáid. D’fhéadfainn a rá go raibh siad chomh difriúil leis an ngrian is leis an ngealach ach ní bheadh sin rómhaith ach an oiread. B’fherr liom a rá go raibh siad chomh difriúil lena chéile agus atá an lá agus an oíche. Níl sin iontach ach oiread féin. Och, smaoinoidh mé ar rud éigin...

Sílim go raibh Mam ag iarraidh air an folúsghlantóir a thógáil amach chun an féar a ghlanadh suas sa

ghairdín tosaigh. Bhí Daid tar éis an féar a lomadh agus bhí sin dona go leor dó. Is minic a dúirt sé gurbh fhearr leis coincreít a leagan ann. Nó tarramhacadam féin.

Nuair a bhain sé an féar bhí broibh bheaga ina luí thart. Níor fhéad sí féin iad a ghlanadh suas leis an scuab, agus dúirt sí leis an folúsghlantóir a fháil. Shíl sé gur le magadh a bhí sí. Ach níorbh ea.

Nuair a rinne sé gáire spréach sí.

Is maith le Daid a chuid éadaí a chaitheamh ar fud na háite. Fágann sé cosán ón seomra codlata go dtí an chistin. Stoca amháin, ciarsúr, píosa páipéir leithris, fobhríste, seaicéad, slipéar, ní bheadh a fhios agat. Cuireann seo Mam le báiní ar fad. Go deimhin, ní thaitníonn sé liomsa ach an oiread.

Is dóigh liom gurb é an t-aon duine amháin a dtaitníonn sé leis ná Glafar. Is é Glafar an madra atá againn. Is breá leis cibé rud a bhíonn ina luí thart a phiocadh suas agus a chogaint. Sin an fáth nach mbíonn ach slipéar amháin ag Daid go minic. Bíonn an ceann eile ite ag Glafar. Ní bhíonn ocras riamh ar Ghlafar, mar sin, ach tá go leor rudaí nach mbíonn teacht againn orthu.

Ó, mo dhearmad. Ba dhóbaire dom dearmad a dhéanamh ar Bholoch. Is é Boloch mo dheartháir. Ní hé sin a ainm ceart ach sin é a thugtar air. Deirtear gur buachaill deas é, ach níl a fhios agam. Ní raibh sé riamh go deas liomsa, cibé ar bith. Billy is ainm dó

le fírinne, ach tugann a chairde Boloch air, níl a fhios agam cén fáth.

Cibé rud faoi Mham agus faoi Dhaid, bím ag troid leis siúd i gcónaí. Nó is fíre a rá go mbíonn sé siúd ag troid liomsa. Tá cairde aige agus is measa fós iad. Dunc agus Plúch agus Smulc agus Blad agus Sceamh agus Smuigín agus Smúr agus Smúsach, agus cúpla duine eile. Tá ainmneacha mar sin orthu go léir, mar atá ar Bholoch.

An tseachtain seo caite chuir sé an bhábóg a bhí agam i dtine chnámh. Dúirt sé go raibh tionscadal staire le déanamh aige agus go ndéanfadh sise go maith mar Jeanne d’Arc. Rud praiticiúil a bhí ann, a dúirt sé. Chuir sé triail cheart uirthi, a dúirt sé. Cailleach a bhí inti, a dúirt sé. Murarbh ea, ní dhófadh sí. ‘Is féidir leat a cuid luathrigh a bheith agat,’ a dúirt sé, ach tháinig go leor di slán.

Chuir mé í amuigh sa ghairdín le cabhair ó mo chara Meadhbh. Is í an cara is fearr atá agam ná Meadhbh. Níl aon duine eile ábalta ar a hainm a litriú. Thóg sé cúpla lá ormsa é a aithris dom féin mar mhalairt ar aon rud eile. M-e-a-d-h-b-h a deirinn liom féin. M-e-a-d-h-b-h. M-e-a-b-h-h-d! Ní hea! D-h-b-h. D-h-b-h. D-h-b-h. Tá súil agam nach mbeidh sí ina réalta scannáin choíche nó beidh Medebhs uirthi go brách.

Chuireamar Gleoite i bpoll sa ghairdín. B’in í an bhábóg, mo pheata bábóige. B’éigean dúinn í a chur

i rith na hoíche mar bheifí ag magadh fúinn dá bhfeicfí sinn. Choinnigh mé a cloigeann agus chuir mé faoi m'adhairt é. Bhí duine éigin uaim chun labhairt léi san oíche. Bhí Meadhbh agam i rith an lae.

Bhí fearg ar Mham go ndearnadh tochailt sa ghairdín. Dúirt mé gurbh é Billy, mo leithscéal, Boloch, a rinne. Bhí péisteanna á lorg aige i gcomhair tionscadal scoile. Ní raibh aon deireadh leis na tionscadail scoile chéanna! Is iomaí slí atá ann chun díoltas a bhaint amach.

Bhí a fhios agam gur thaitin ceapairí móra ramhra leis. Dhá chrústa aráin buailte ar a chéile, dá bhféadfadh sé iad a fháil. Tá sé mórálach as an ngoile atá aige. Deir sé go mbeidh sé féin chomh mór le Scioból Súilleabháin. Ceapaim gur iomrascálaí é siúd, ach níl a fhios agam. Níl spéis dá laghad agam i gcúrsaí spóirt.

Cuireann sé cáis agus ispíní agus liamhás agus citseap agus maonáis agus trátaí agus Maltesers agus Tayto agus mórán eile isteach sna ceapairí. Iad go léir, go minic, sa cheapaire céanna. Cé a thabharfadh cúpla péist faoi deara ina dteannta? Iad marbh, nó ba chuma, iad beo?

Déanann Mam dó iad gach maidin. Nó uaireanta an oíche roimh ré. Cuireann sí isteach i scragall stáin a bhíonn ar an mbord iad.

Tugann sí póg ar an mbaithis dó agus ní deir sé faic, agus ansin imíonn sé leis. Ní bhíonn aon rud mar sin ullamh domsa. Cúpla cheapaire a mbíonn subh ina lár, sin

uile. Uaireanta déanann sí dearmad ormsa nuair a bhíonn deifir uirthi, nó sin a deir sí. Uaireanta bíonn ocra orm ar scoil, mar ní thaitníonn subh spíonán liom. Tá sí searbh.

Ach tagann Meadhbh i gcabhair orm i gcónaí. Tá a fhios go maith aici conas mar atá idir mise agus mo mháthair, agus m'athair. Tá a fhios aici conas mar atá idir mise agus mo dheartháir. Tá a fhios aici go bhfuil mé i m'aonar sa saol, mar atáimid go léir, ach go bhfuil mise i m'aonar ar shlí faoi leith.

Mar sin féin, is éigean díoltas a bhaint amach. Ceapaim nach drochdhuine mé, ach ní féidir liom a bheith chomh maith leis na heiseamláirí a chuirtear os ár gcomhair. Ní féidir liom mé féin a íobairt mar a tharlaíonn sna scéalta sin sa Bhíobla a léann Emoji dúinn. Ní hé nach dtuigim dá leithéid, ach is é seo an lá inniu. Is í Emoji an múinteoir atá againn, ach beidh mé ag caint fúithi siúd arís. Ó, beidh.

Bhí mé ag iarraidh díoltas a bhaint amach ar mo dheartháir, mar is é mo dheartháir é. Cé a dúirt gur cheart a bheith mór le do dheartháir?

Fuair mé péist bhreá ramhar ón ngairdín. Níor bhac mé leis an gcré a ghlanadh di. Bheadh sí níos blasta mar sin. Chuir mé isteach go deas ciúin í idir an cháis agus an t-ispín. B'fhéidir go gceapadh Boloch gur ispín eile a bhí inti. Ach bhí a fhios agam nár oscail sé an ceapaire riamh. D'alpadh sé siar láithreach é.

B'fhéidir, mar sin, nach dtabharfadh sé an phéist faoi deara. Ní bheadh aon mhaith ansin. Dá rachadh sí síos díreach ina bholg ní dhéanfadh sí aon mhaitheas ach teacht amach arís. Ba ghá dom ceann eile a chur léi.

Rud a rinne mé.

Bhí an chéad cheann eile níos raimhre fós. Bhí sí nach mór chomh ramhar le mo mhéar. Ní fhéadfadh sé gan í a bhlaiseadh, ba chuma cén t-ocras a bheadh air. Nach mbeadh sé níos sláintiúla dó ná cuid den truflais a d'itheadh sé? Nach bia maith orgánach a bhí ann?

Bhí Billy – is é sin Boloch – san aon scoil liom. Ní bhímis ag caint le chéile. D'fhanaimis ar deighilt óna chéile. D'aon ghnó. Bhí a dhream féin aige, agus mo dhreamsa agam féin. Ar éigean a bheannaímis dá chéile.

Ach bhí mé ar bís a fháil amach ar ith sé an ceapaire.

Bhí sé sa chúinne leo ar fad, nó an chuid is mó díobh – bhí Smuigín agus Sceamh agus Smulc ann, agus Plúch chomh maith. A chuid deisceabal timpeall air. Faoin am seo ba cheart go mbeadh sé ag caitheamh aníos. Ón áit a raibh mise sa chlós, ní raibh aon droch-chuma air.

Bhí mé ag iarraidh leithscéal chun labhairt leis, rud nach ndéanainn de ghnáth. Smaoinigh mé ar Mheadhbh. Dúirt sí i gcogar liom uair amháin go raibh dúil aici i nDunc, rud a chuir múisc orm féin. D'fhéadfadh sise

